

# Torthaí Foghlama: Measúnú Rangbhunaithe 1

Maidir le gach snáithe, is iad seo a leanas na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar trí *Ó Phróiseas go Cur i gcrích*:

	EALAÍN		CEARDAÍOCHT		DERADH	
Teanga Chriticiúil agus Amhairc	1.1	anailís a dhéanamh ar a chuid oibre, nó ar obair duine eile, leis an bhfoclóir agus leis an eolas cuí	2.3	machnamh a dhéanamh ar a obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le teanga chriticiúil agus amhairc	3.2	teanga chriticiúil agus amhairc a úsáid chun a dhearadh féin agus dearadh daoine eile a mhíniú
Líníocht	1.4	taispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an fhíor dhaonna agus an domhan mórthimpeall air a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú	2.4	a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le taifeadadh agus le hanailísiú	3.4	coimre dearaidh a léirmhíniú agus é seo a léiriú trína líníochtaí
	1.6	líníochtaí a úsáid chun a dhearcadh nó a thuiscint phearsanta a chur in iúl	2.6	iniúchadh a dhéanamh ar a chur chuige pearsanta féin i leith obair cheardaíochta ach líníocht agus déanamh mairc a chur i bhfeidhm go teicniúil agus go cruthaitheach	3.6	saothar deiridh a dhearadh bunaithe ar a líníochtaí
Cultúr agus Léirtheascint Amhairc	1.7	modh roinnt ealaíontóirí agus an saothar ealaíne a chruthaigh siad a scrúdú	2.7	na scileanna agus na hábhair stairiúla nó chomhaimseartha a úsáidtear i saothair cheardaíochta ó cheardaíocht dhifriúil a shainithint	3.7	cur síos a dhéanamh ar shamplaí den dearadh stairiúil agus comhaimseartha
Gnéithe Ealaíne agus Prionsabail Deartha (GEPD)	1.12	a thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm chun saothar ealaíne a dhéanamh	2.10	cur síos a dhéanamh ar ghnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha de réir mar a úsáidtear iad i roinnt ceardaíochta dhifriúil	3.11	a shaothar dearaidh féin agus saothar dearaidh daoine eile a scrúdú trí ghnéithe ealaíne agus trí phrionsabail deartha a úsáid
Meáin	1.14	meáin a úsáid chun a shaothar ealaíne féin a chruthú	2.14	meáin a úsáid chun obair cheardaíochta a chruthú	3.14	na meáin a úsáid ina shaothar dearaidh féin bunaithe ar choimre dearaidh

--	--	--	--	--	--	--